Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**12234/23**
**ADD 4**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0290(COD)**

**MI 669**
**ENT 172**
**CONSOM 295**
**SAN 475**
**IA 199**
**COMPET 800**
**CHIMIE 77**
**ENV 898**
**CODEC 1457**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 270 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 270 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 270 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2023
SWD(2023) 270 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE**

{COM(2023) 462 final} - {SEC(2023) 297 final} - {SWD(2023) 268 final} - {SWD(2023) 269 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Sainaithníodh leis an meastóireacht ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán[1] (an Mheastóireacht) roinnt easnamh sa Treoir i dtaca le hardleibhéal cosanta a áirithiú do leanaí ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le bréagáin, agus go háirithe ar rioscaí a bhaineann le ceimiceáin dhíobhálacha. Thángthas ar an gconclúid sa Mheastóireacht freisin go bhfuil roinnt mhaith bréagáin neamhchomhlíontacha agus neamhshábháilte fós ar mhargadh an Aontais. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Ba cheart don tionscnamh seo leibhéal cosanta níos airde do leanaí ar na substaintí is díobhálaí a bhaint amach agus laghdú a dhéanamh ar an líon bréagán neamhchomhlíontach agus neamhshábháilte atá ar mhargadh an Aontais. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán, déantar rialacha maidir le sábháilteacht bréagán a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát bunaithe ar Airteagal 114 CFAE. Aon athrú ar raon feidhme nó ar cheanglais treorach den sórt sin, ní mór iad a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun na nithe seo a leanas a sheachaint: (i) an margadh a shaobhadh; (ii) bacainní roimh shaorghluaiseacht táirgí a chruthú; nó (iii) dochar a dhéanamh do chosaint shláinte agus dhea- bhail an duine. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha beartais ab fhearr ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| I dteannta an cháis bunlíne nach ndéantar aon ghníomhaíocht ann, sainaithnítear leis an measúnú tionchair trí rogha beartais (RBanna) chun aghaidh a thabhairt ar an dá fhadhb a shainaithnítear ann, arb é an chéad fhadhb gur gá leanaí a chosaint níos fearr ar cheimiceáin dhíobhálacha, agus arb é an dara fadhb go bhfuil roinnt mhaith bréagáin neamhchomhlíontacha/neamhshábháilte ar mhargadh an Aontais.<br><br>Chun na ceanglais maidir le cosaint leanaí ar cheimiceáin dhíobhálacha a neartú:<br>• Chumhachtófaí an Coimisiún le **RB1a** teorainnluachanna do cheimiceáin in aon bhréagán a chur leis agus a leasú;<br>• Tá **RB1b** comhchosúil le RB1a ach áirítear ann freisin toirmisc chineálacha ar na ceimiceáin is díobhálaí i mbréagáin, agus ceadaítear maoluithe orthu;<br>• Tá **RB1c** comhchosúil le RB1b ach ní cheadófaí maoluithe ar na toirmisc chineálacha leis.<br><br>Chun an líon mór bréagán neamhchomhlíontach agus neamhshábháilte a laghdú:<br>• Le **RB2a**, dhéanfaí an ceanglas maidir le measúnú comhréireachta tríú páirtí a leathnú chucu seo a leanas: (i) bréagáin do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois; (ii) bréagáin atá le cur sa bhéal; agus (iii) bréagáin ar meascáin cheimiceacha iad;<br>• Cheanglófaí le **RB2b** go mbeadh an doiciméadacht maidir le comhlíonadh ag gabháil leis an táirge i bhfoirm dhigiteach, ag taobhú le pas táirge faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (ESPR)[2], agus cheanglófaí leis freisin go ndéanfaí an pas táirge sin chur faoi bhráid lucht custaim;<br>• Le **RB2c**, dhéanfaí ceanglais RB2a agus RB2b a thabhairt le chéile. |

[1] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/1852-Evaluation-of-the-Toy-Safety-Directive.

[2] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú do tháirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE an 30 Márta 2022, COM(2022) 142 final.

| |
|---|
| Is í **RB1b** in éineacht le **RB2b** an rogha beartais ab fhearr. Le **RB1b**, chuirfí feabhas mór ar chosaint leanaí ar shubstaintí díobhálacha agus chuirfí teorainn leis na tionchair dhiúltacha ar an tionscal trí fhoráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar thoirmisc chineálacha. D'áiritheofaí le **RB2b** go ndéanfaí bréagáin, arna dtíolacadh do chustam gan an pas táirge, a chosc go huathoibríoch óna scaoileadh i saorchúrsaíocht. Ina theannta sin, chuirfí go mór le héifeachtúlacht na n-údarás um fhaireachas margaidh agus cigireacht á déanamh acu ar bhréagáin. Dá réir sin, d'fhéadfadh RB2b laghdú mór a dhéanamh ar an líon bréagán neamhchomhlíontach atá ar mhargadh an Aontais. Roghanna beartais eile inar áiríodh measúnú comhréireachta tríú páirtí, níor breithníodh iad a bheith chomh héifeachtach ná chomh héifeachtúil céanna; ba é an measúnú a rinneadh go méadóidís costais do mhonaróirí comhlíontacha ach nach mbeadh laghdú mór ar an líon bréagán neamhchomhlíontach mar gheall orthu. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?** |
| Thacaigh páirtithe leasmhara tionscail le RB1a ach ní le RB1b, agus chuir siad go mór in aghaidh RB1c. Chuir an tionscal in aghaidh RB2a freisin, ach thacaigh siad le digitiú na faisnéise maidir le comhlíonadh in RB2b. Chuir na Ballstáit in iúl go soiléir go dtacaíonn siad le neartú na gceanglas maidir le ceimiceáin, trí theorainnluachanna sonracha agus trí thoirmisc chineálacha bhreise i gcás substaintí áirithe araon (RB1a agus RB1b). Thacaigh siad le RB2b. Thacaigh siad freisin le RB2a, cé gur lú an tacaíocht sin. Bhí tomhaltóirí i bhfabhar RB1b agus RB1c. Bhí tomhaltóirí i bhfabhar an pas táirge a thabhairt isteach freisin (RB2b) chomh maith le leathnú an cheanglais maidir le measúnú comhréireachta tríú páirtí (RB2a agus RB2c). |
| **C. Tionchar na rogha beartais ab fhearr** |
| **Cad iad na tairbhí a bhaineann leis an rogha beartais ab fhearr (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| Breithnítear sa mheasúnú tionchair go mbeadh **tairbhí sláinte suntasacha ag RB1b (idir EUR 240 milliún agus EUR 1.2 billiún in aghaidh na bliana) i dtéarmaí damáiste a sheachnaítear don tsláinte i gcás suaiteoirí inchríneacha amháin**. Chuirfí go mór le héifeachtúlacht na n-údarás um fhaireachas margaidh de thoradh RB2b. Dá n-aistreofaí i dtreo **na faisnéise digití, d'fhéadfadh sé go mbeadh idir EUR 2.62 milliún agus EUR 3.93 milliún (EUR 3.275 milliún ar an meán) de choigilteas in aghaidh na bliana ann don tionscal**. Mar thoradh ar RB2b, bheadh **coigilteas ann don tionscal freisin agus iad ag déileáil le cigireachtaí** ag na húdaráis um fhaireachas margaidh, rud a d'fhéadfadh a bheith idir **EUR 13 mhilliún agus EUR 20 milliún in aghaidh na bliana**. Chuirfeadh an dá rogha le chéile feabhas ar chosaint leanaí agus laghdóidís an líon bréagán neamhchomhlíontach agus neamhshábháilte; chuirfí feabhas dá réir sin ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus ar iomaíochas an tionscail. An coigilteas idir EUR 2.62 milliún agus EUR 3.93 milliún a bhaineann lena bheith ag aistriú i dtreo na faisnéise digití, breithníodh é mar choigilteas riaracháin faoi raon feidhme an chur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach'. |
| **Cad iad costais na rogha beartais ab fhearr (más ann dóibh, murab ann, cad iad na príomhchostais)?** |
| D'fhéadfadh an toirmeasc cineálach difear a dhéanamh do líon mór múnlaí bréagáin ba ghá a chur faoi réir oiriúnuithe táirge nó a bhféadfadh sé nach gcuirfí ar fáil a thuilleadh iad, ach chuirfeadh maoluithe teorainn leis an tionchar sin. D'fhéadfadh idir **EUR 23.5 agus EUR 396.66 milliún de chostais bhreise** coigeartaithe aonuaire incriminteacha a bheith ann de thoradh RB1b a bheadh bainteach le **hathdhearadh agus athfhorbairt táirge**. D'fhéadfadh costais **tástála bhliantúla a mhéadú faoi thart ar EUR 7.31- 11.70 milliún i gcomparáid leis an gcás bunlíne**. I dtéarmaí táirgí a bhféadfadh sé nach gcuirfí ar fáil a thuilleadh iad, bunaithe ar láimhdeachas thionscal an Aontais, **d'fhéadfadh an rogha sin difear a dhéanamh do EUR 249- 347 milliún de luach táirgí**[3]. I ngeall ar mhonaróirí a bheith ag aistriú acmhainní agus táirgthe chuig bréagáin mhalartacha agus i ngeall ar thomhaltóirí a bheith ag ceannach bréagáin mhalartacha, níl coinne leis go gcrapfaidh an margadh an méid sin go díreach. Na costais a bhaineann le maoluithe a iarraidh, d'fhéadfaidís a bheith idir EUR 100 000 agus EUR 300 000 in aghaidh na bliana. D'fhéadfadh **EUR 18 milliún de chostais riaracháin aonuaire agus EUR 10.5 milliún de chostais ina dhiaidh sin a bheith ann in aghaidh na bliana don tionscal** de thoradh RB2b. Rinneadh na costais sin, in éineacht leis na costais a bhaineann le maoluithe a iarraidh, a chur san áireamh mar ualach riaracháin atá le fritháireamh mar chuid den chur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach'. |

[3] Bunaithe ar EUR 6.56 billiún de láimhdeachas sealadach thionscal an Aontais do 2020.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Thabharfadh RB2b caoi do FBManna ar thairbhe a bhaint as an ré dhigiteach. D'fhéadfadh sé freisin an t-ualach atá ar FBManna agus ar chuideachtaí móra araon a laghdú. D'imreodh RB1b agus RB2b tionchair shineirgisteacha a chuirfeadh feabhas ar an iomaíochas. Cé go bhforchuirfí costais ar an tionscal le RB1b chun ceanglais nua maidir le substaintí ceimiceacha a chomhlíonadh, bheadh bearta éifeachtacha faoi RB2b ag gabháil leis chun laghdú mór a dhéanamh ar an iomaíocht éagórach ó bhréagáin neamhchomhlíontacha. Chuideodh sé sin le hiomaíochas gnólachtaí comhlíontacha sa tionscal bréagán a chaomhnú. In éagmais RB2b, d'fhéadfadh níos mó trádálaithe bradacha tairbhiú de bheith ag díol bréagáin neamhchomhlíontacha (ar bréagáin níos saoire go minic iad).

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Cé go bhféadfadh roinnt costais oiriúnaithe a bheith ar na Ballstáit chun iad féin a choigeartú don phas táirge, ba cheart iad sin a bheith tabhaithe cheana féin laistigh de ESPR. Cuirfear go mór le héifeachtúlacht na n-údarás um fhaireachas margaidh agus beidh coigilteas ann dóibh de bharr na faisnéise maidir le comhlíonadh a bheith ar fáil go héasca.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Níor aithníodh aon tionchar suntasach eile.

**Comhréireacht?**

Ní théann an rogha beartais ab fhearr thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach. Beidh na substaintí is díobhálaí faoi réir toirmisc chineálacha i mbréagáin, ach is féidir maoluithe a dhéanamh. Beidh costais tosaigh ann mar thoradh ar an bpas táirge ach ginfidh sé coigilteas don tionscal agus cuirfidh sé le héifeachtúlacht údarás freisin. Laghdóidh sé go mór an líon bréagán neamhchomhlíontach atá ar mhargadh an Aontais agus neartóidh sé iomaíochas an tionscail dá réir sin.

## D. Bearta leantacha

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfar meastóireacht ar an rialachán tar éis 5 bliana.